

Comhairleoirí an-ghnóthach i gCiarraí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuirisc ar ball faoi rúin chonspóideacha a pléigh comhairleoirí Chiarraí inniu.

Sula bhféachann sibh ar an tuairisc, déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo atá le cloisteáil inti a chur ar fáil. Ansin féachaigí ar an tuairisc agus faighigí amach an raibh an ceart agaibh

- 1) after backing / endorsing _____
- 2) equal rights for marriage _____
- 3) sexual orientation _____
- 4) thorny / difficult subject _____
- 5) against abortion at any level _____
- 6) another resolution was passed _____
- 7) morally unacceptable _____
- 8) gay couple _____
- 9) adopting children _____
- 10) the wording would be changed _____.

Ceist 2 Féach ar an mhír den dara uair agus ansin pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén dá rún a bhí i gceist sa mhír?
2. Ar glacadh leis an dá rún? Mínigh.
3. Cad a bhí le rá ag na daoine seo a leanas:

Mícheál Ó Glíósáin
Danny Healy-Rae
Martin Greenwood
Gillian Wharton Slattery

Ceist 3 ‘...ginmhilleadh...’

Is comhfhocal é an focal thuas.

- (i) Cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a thagann ar fhocail nuair a chuirtear le chéile iad.
- (ii) Féach ar an mhír uair amháin eile. Tá dhá chomhfhocal eile ann. Cad iad?

Ceist 4 ‘...inghlactha...’

- A. Cén bhrí a bheadh leis an fhocal thuas dá n-athrófá an réimír **in-** go dtí **do-**?

B. Cuir do- agus in- roimh na focail seo a leanas. Bí cúramach, ní bhíonn fleiscín ann i gcónaí ach amháin má cheaptar go mbeadh an focal dothuigthe gan é! Ná déan dearmad do na *dnt/s* ach an oiread!

tuigthe: _____
 déanta: _____
 aitheanta: _____
 cosanta: _____
 gluaiste: _____

Ceist 5 ‘...dúirt...’

Níl ach aon bhriathar mírialta déag sa Ghaeilge agus ní mór an méid é sin i gcomparáid le teangacha eile. Líon na bearnaí sa bhosca thíos le tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh orthu san aimsir chaite agus san aimsir fháistineach. Tá an chéad cheann déanta duit.

	Ceist – Aimsir Chaite	Freagraí – Aimsir Chaite	Ceist – Aimsir Fháistineach	Freagraí – Aimsir Fháistineach
Abair	An ndúirt...?	Dúirt Ní dúirt	An ndéarfaidh?	Déarfaidh Ní déarfaidh
Bí				
Beir				
Clois				
Déan				
Faigh				
Feic				
Ith				
Tabhair				
Tar				
Téigh				

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

- An síleann tú gur cheart don ghinmhilleadh a bheith dleathach in Éirinn? Cén fáth?
- Ar cheart go mbeadh cead ag lánúin chomhghnéis pósadh? Cén fáth?
- Ar cheart go mbeadh cead ag lánúin chomhghnéis leanaí a uchtú? Cén fáth?

Freagraí

Ceist 1

- | | |
|---------------------------------------|---|
| 1) after backing / endorsing | <i>tar éis tacú le</i> |
| 2) equal rights for marriage | <i>cearta comhionannais pósta</i> |
| 3) sexual orientation | <i>claonadh gnéis</i> |
| 4) thorny / difficult subject | <i>ábhar deilgneach</i> |
| 5) against abortion at any level | <i>in aghaidh ginmhilleadh ar aon bhonn</i> |
| 6) another resolution was passed | <i>ritheadh rún eile</i> |
| 7) morally unacceptable | <i>inghlactha ar bhonn moráltachta</i> |
| 8) gay couple | <i>lánúin aerach</i> |
| 9) adopting children | <i>ag uchtú leanaí</i> |
| 10) that the wording would be changed | <i>go n-athrófaí an fhoclaíocht</i> |

Ceist 2

- (1) Rún a thabharfadh cearta comhionannais do lánúineacha comhghnéis pósadh agus rún eile in éadan ginmhilleadh de chineál ar bith.
- (2) Glacadh leis an rún i bhfabhar an phósta do lánúineacha comhghnéis ach socraíodh an rún eile faoi ghinmhilleadh a tharraingt siar agus an fhoclaíocht a athrú amach anseo.
- (3) Mícheál Ó Glíósáin: Nach raibh an rún ar son na gcearta céanna a bheith ag lánúineacha comhghnéis pósadh inghlactha leis ar bhonn moráltachta.
Danny Healy-Rae: Nach raibh sé ar a shuaimhneas faoi lánúin aerach ag uchtú leanaí.
Martin Greenwood: Go raibh ráiteas an-láidir déanta ag Comhairle Contae Chiarraí ar son cearta lánúineacha comhghnéis ar fud na tíre.
Gillian Wharton Slattery: Cé go raibh sé an-deacair an rún a chur fríd de bharr an bhrú a bhí uirthi, tá sí an-sásta gur ritheadh an rún.

Ceist 3

- (i) Cuirtear séimhiú ar an dara focal nuair is féidir – *chomhfhocal*, ní bhíonn séimhiú i gceist leis na *dntls* – *seanduine*.
- (ii) ‘Comhionannas’ agus ‘féinmharú’.

Ceist 4

A. do-ghlactha – unacceptable

B. tuigte: *intuigte / dothuigte*
déanta: *indéanta / dodhéanta*
aitheanta: *inaitheanta / do-aitheanta*
cosanta: *inchosanta / dochosanta*
gluaiste: *inghluaiste / doghluaiste*

Ceist 5

	Ceist – Aimsir Chaite	Freagraí – Aimsir Chaite	Ceist – Aimsir Fháistineach	Freagraí – Aimsir Fháistineach
Abair	An ndúirt...?	Dúirt / ní dúirt	An ndéarfaidh...?	Déarfaidh / Ní déarfaidh
Bí	An raibh...?	Bhí / ní raibh	An mbeidh...?	Beidh / ní bheidh
Beir	Ar rug...?	Rug / níor rug	An mbéarfaidh...?	Béarfaidh / ní bhéarfaidh
Clois	Ar chuala...?	Chuala / níor chuala	An gcloisfidh...?	Cloisfidh / ní chloisfidh
Déan	An ndearna...?	Rinne / ní dhearna	An ndéanfaidh...?	Déanfaidh / ní dhéanfaidh
Faigh	An bhfuair...?	Fuair / ní bhfuair	An bhfaighidh...?	Gheobhaidh / ní bhfaighidh
Feic	An bhfaca...?	Chonaic / ní fhaca	An bhfeicfidh...?	Feicfidh / ní fheicfidh
Ith	Ar ith...?	D'ith / níor ith	An íosfaidh...?	Íosfaidh / ní íosfaidh
Tabhair	Ar thug...?	Thug / níor thug	An dtabharfaidh...?	Tabharfaidh / ní thabharfaidh
Tar	Ar tháinig...?	Tháinig / níor tháinig	An dtiocfaidh...?	Tiocfaidh / ní thiocfaidh
Téigh	An ndeachaigh...?	Chuaigh / ní dheachaigh	An rachaidh...?	Rachaidh? / ní rachaidh

Ceist 6

Tabhair tamall do na daltaí na ceistanna a phlé i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Tá Comhairle Contae Chiarraíⁱ tar éis tacú le rún inniu go dtabharfaí cearta comhionannais pósta do chuile dhuine, beag beann ar a gclaonadh gnéis. Cé go raibh roinnt comhairleoirí in aghaidh an rúin tá Comhairle Contae Chiarraí ar cheann de bheagán comhairlí atá tar éis tacú le rún dá leithéid.

Tomás Ó Mainnín

Ba léir do chomhairleoirí ag dul isteach go dtí cruinniú míosúilⁱⁱ Chomhairle Contae Chiarraí ar maidin go raibh ábhar deilgneach le plé acu. I measc na rún a bhí le plé, bhí rún curtha chun cinn go gcuirfeadh an Chomhairle in aghaidh ginmhilleadh ar aon bhonn, go háirithe i gcás féinmharú a luadh.

Eibhlín Ní Dhonagáin

Ní theastaíonn uainn go mbeadh aon athrú ar an dlí mar atá sé inniu agus é a fhágáil mar atá sé.

Tomás Ó Mainnín

Le linn an chruinnithe ritheadh rún eile, go dtabharfaí cearta comhionannais d'aon duine i gCiarraí ar phósadh, beag beann ar a gclaonadh gnéis. Labhair roinnt comhairleoirí in aghaidh an rúin go paiseanta, ina measc an comhairleoir Mícheál Ó Glíósáin a dúirt nach mbeadh a leithéid inghlactha dó ar bhonn moráltachta. Labhair an comhairleoir Danny Healy-Rae in aghaidh an rúin chomh maith, ag rá nach raibh sé suaimhneasach maidir le lánúin aerach ag uchtú leanaí. Ach tar éis díospóireacht phaiseantaⁱⁱⁱ ghlac ochtar déag leis an rún agus seachtar ina aghaidh. Tar éis, dúirt Martin Greenwood ón eagraíocht *Ciarraí Amach* go raibh ráiteas láidir tagtha ó Chomhairle Contae Chiarraí don dtír^{iv} agus go rabhadar ana-shásta^v. Dúirt an comhairleoir Gillian Wharton Slattery, a mhol an rún, cé go raibh ana-bhrú curtha uirthi é a tharraingt siar, go raibh sí ana-shásta leis an dtoradh^{vi}. Tharraing an rún maidir le ginmhilleadh díospóireacht phaiseanta^{vii} chomh maith ach socraíodh ar deireadh an rún a tharraingt siar agus go n-athrófaí an fhoclaíocht.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 i dTrá Lí.

ⁱ *Comhairle Chontae Chiarraí* a deirtear

ⁱⁱ *mhíosúil* a deirtear

ⁱⁱⁱ *paiseanta* a deirtear

^{iv} *don tír* atá sa chaighdeán oifigiúil

^v *an-sásta* atá sa chaighdeán oifigiúil

^{vi} *leis an toradh* atá sa chaighdeán oifigiúil

^{vii} *paiseanta* a deirtear